Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9463/25**

**AG 74**
**POLGEN 56**
**FREMP 137**
**JAI 689**
**DISINFO 47**
**HYBRID 56**
**AUDIO 44**
**EDUC 187**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8629/25 |
| Ábhar: | Conclúidí ón Uachtaránacht maidir le hathléimneacht dhaonlathach an Aontais a neartú |

Tar éis an chruinnithe a bhí ag an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 27 Bealtaine 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, téacs na gconclúidí ón Uachtaránacht ar thacaigh 25 thoscaireacht leis.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí maidir le hathléimneacht dhaonlathach an Aontais a neartú**

DÉANANN UACHTARÁNACHT CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí a d'eisigh sí maidir leis an méid a chuireann an t-oideachas agus an oiliúint le comhluachanna Eorpacha agus leis an tsaoránacht dhaonlathach a neartú[1], maidir le hathléimneacht dhaonlathach: próisis toghcháin a chosaint ar thrasnaíocht eachtrach[2], maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint[3], maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú[4], maidir le ról an spáis shibhialta i ndáil le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas[5] agus maidir leis an gcuimhne ar na coireanna a rinne réimis ollsmachtacha san Eoraip[6].

2. ADMHAÍONN SÍ sí go bhfuil dúshláin thromchúiseacha dár ndaonlathais ag eascairt as an tírdhreach geopholaitiúil athraitheach, lena n-áirítear cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le haighneas sochaíoch, polarú, radacú agus laghdú ar mhuinín as institiúidí agus as toghcháin.

3. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach féidir rath a bheith ar an daonlathas gan an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus nach mór athléimneacht dhaonlathach a bhunú ar an smacht reachta, ar chearta bunúsacha agus ar na luachanna a urramaíonn an tAontas Eorpach, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dtreisíonn an daonlathas, an tsaoirse agus an comhionannas a chéile; MEABHRAÍTEAR DI gur freagracht chomhroinnte idir institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus na mBallstát é na luachanna sin a urramú.

---

[1] 15738/23
[2] 10119/24
[3] 10533/24
[4] 6878/25
[5] 7388/23
[6] 11268/11

4. CUIREANN SÍ I dTÁBACHT go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint trí na hionstraimí uile atá ar fáil, i gcomhréir leis na Conarthaí. Chuige sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé cearta bunúsacha a phríomhshruthú i mbeartais agus i dtionscnaimh reachtacha uile an Aontais, agus i gcur chun feidhme dhlí an Aontais is infheidhme.

5. AITHNÍONN SÍ gur bunchloch é an athléimneacht dhaonlathach a neartú chun slándáil na hEorpa a chosaint. Chuige sin, tá gá le dioscúrsa poiblí atá saor agus éagsúil, cumas feachtais ionramhála agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI) a aithint agus a chomhrac, lena n-áirítear bréagaisnéis, go háirithe iad siúd atá dírithe ar luachanna an Aontais nó ar fheidhmiú daonlathach institiúidí, an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, agus ionramháil nó falsú fíricí stairiúla le haghaidh modhanna polaitiúla, chomh maith le hiarrachtaí fadtéarmacha sna réimsí a bhaineann le tacú le meáin shaora, neamhspleácha agus iolraíocha, saorthoghcháin chóra a áirithiú, oideachas sibhialta a chur chun cinn, an tsochaí shibhialta a neartú agus an smacht reachta a chosaint.

6. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, maidir leis an athléimneacht dhaonlathach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus an gá atá le gníomhaíocht chuimsitheach chomhpháirteach de mheon cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí, go neartaíonn siad a chéile.

7. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil iarrachtaí móra déanta ag an Aontas le blianta beaga anuas athléimneacht dhaonlathach a neartú, go háirithe leis an bpacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais a thíolaic an Coimisiún i mí na Nollag 2023, lena gcuirtear leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach a glacadh in 2020, Bosca Uirlisí Hibrideach an Aontais, bosca uirlisí FIMI, an Córas Mear-Rabhaidh mar ardán slán chun faisnéis a chomhroinnt maidir le teagmhais a bhaineann le FIMI, an Cód Iompair maidir le Bréagaisnéis, an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um an Intleacht Shaorga, an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán agus an Treoir um chomhrac na gcásanna stráitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát, na rialacha sin a fhorfheidhmiú go réamhghníomhach agus na huirlisí atá ar fáil dó a úsáid, go háirithe na cumhachtaí imscrúdaitheacha agus na cumhachtaí chun smachtbhannaí a fhorchur a thugtar dó faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a ríthábhachtaí atá sé do dhaonlathais saorthoghcháin chóra a chosaint ar thrasnaíocht eachtrach ar bith, lena n-áirítear i réimse na faisnéise, ó ghníomhaithe stáit nó neamhstáit, chomh maith le trédhearcacht toghcháin. Chuige sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé úsáid éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint as an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin, agus urraim iomlán á tabhairt do phríomhról na n-údarás náisiúnta maidir le sláine toghcháin a chosaint faoi chuimsiú n-inniúlachtaí faoi seach.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá trédhearcacht toghcháin a áirithiú agus, i ndáil leis an méid sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm iomlán an Rialacháin maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla, agus AITHNÍONN SÍ an moladh ón gCoimisiún saorthoghcháin chothroma agus athléimneacha a chur chun cinn mar aon leis an obair leanúnach ar thrédhearcacht na hionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha, chomh maith le reacht agus cistiú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

10. TARRAINGNÍONN SÍ AIRD AR a ríthábhachtaí atá ról na meán saor, neamhspleách agus iolraíoch agus rochtain ar na meáin sin, lena gcuirtear faisnéis chothrom agus oibiachtúil ar fáil chun ár ndaonlathais a neartú, chomh maith leis na freagrachtaí atá ar thionscal na teicneolaíochta, go háirithe ardáin na meán sóisialta, rialtais agus páirtithe leasmhara eile as seasamh leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus leis an dioscúrsa daonlathach oscailte sa spás digiteach; MOLANN SÍ do na Ballstáit, don Choimisiún, do na húdaráis phoiblí, don tsochaí shibhialta agus do ghníomhaithe príobháideacha machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thionscnaimh seiceála fíricí agus do thionscadail de chuid na meán neamhspleách ar fud na hEorpa, mar shampla ardáin chlosamhairc uile-Eorpacha, chomh maith le hiriseoireacht iniúchach chun a áirithiú go nginfear ábhar a tháirgtear i gcomhréir le caighdeáin iriseoireachta agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na freagrachta eagarthóireachta, an dliteanais agus an neamhspleáchais.

11. ADMHAÍONN sí gur bagairt anois iad feachtais FIMI, lena n-áirítear bréagaisnéis, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta, go háirithe i gcomhthéacs na meán sóisialta. Mura dtabharfaí aghaidh ar na rioscaí sin, d’fhéadfáidís sláine na bpróiseas daonlathach agus rannpháirtíocht na saoránach a chur i mbaol tríd an mbonn a bhaint de mhuinín an phobail as institiúidí agus nósanna imeachta daonlathacha.

12. Thairis sin, AITHNÍONN SÍ gur den ríthábhacht é cur chuige comhtháite ilpháirtithe leasmhara i leith feachtais FIMI a chomhrac, lena n-áirítear bréagaisnéis, ar mhaithe le trédhearcacht a chur chun cinn agus litearthacht dhigiteach, cibearlitearacht, litearacht faisnéise agus litearthacht sna meáin a chothú, lena n-áirítear litearthacht intleachta saorga, mar chuid den oideachas sibhialta.

13. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, i ndáil leis sin, gur gá leanúint de na hiarrachtaí na forálacha maidir le litearthacht sna meáin a chur chun cinn agus tacú leo faoi Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (AVMSD), mar aon le treoirlínte 2023 ón gCoimisiún maidir le litearthacht sna meáin a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí. I bhfianaise an mhéid sin, TÁ SÍ I bhFÁCH LE húsáid fhreagrach intleacht saorga, giniúint agus scaipeadh ábhair dhíobhálaigh a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear ábhar a chruthaítear le teicneolaíochtaí domhainbhrionnaithe agus le spriocdhíriú iompraíochtbhunaithe, agus lena gcuirtear úsáid thrédhearcach algartam chun cinn.

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tacú le rannpháirtíocht na saoránach sa saol daonlathach, agus chuige sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh mar uirlis a úsáideann saoránaigh den Aontas go minic chun páirt dhíreach a ghlacadh sa phróiseas daonlathach.

15. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé tacú le heagraíochtaí sochaí sibhialta (dá ngairtear 'ESSanna' anseo feasta) chun na luachanna agus na cearta a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus a chosaint; sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ an t-athbhreithniú meántéarma atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar straitéis 2020 maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha tráth chomóradh 25 bliana na Cairte agus ATHDHEARBHAÍONN a thábhachtaí atá sé aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a thabhairt chun críche, i gcomhréir le hAirteagal 6, mír 2 CAE.

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá sé maoiniú leordhóthanach do ESSanna agus do chosantóirí chearta an duine a áirithiú – atá fós ina ngné bhunriachtanach den chóras srianta agus ceartúchán, agus rannchuidiú le luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear an smacht reachta – chun sochaí ina bhfuil luachanna an Aontais i réim a thógáil agus a choimeád ar bun; AITHNÍONN SÍ gur gá trédhearcacht agus cuntasacht i gcleachtais chistiúcháin a áirithiú.

17. TARRAINGNÍONN SÍ AIRD ar a thábhachtaí atá ESSanna maidir leis an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint, go háirithe i dtaca le faireachán a dhéanamh ar urramú chearta agus shaoirsí daoine aonair, grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gníomhaithe stáit, aird an phobail a tharraingt ar chásanna sáruithe ar an dlí, agus leasanna agus dearcthaí daoine ar de mhionlaigh nó de ghrúpaí faoi ghannionadaíocht iad a chur chun cinn, agus díobh siúd is leochailí.

18. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh in idirphlé oscailte trédhearcach le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus cosantóiri chearta an duine, agus a dtaithí sa phróiseas ceaptha beartas á cur san áireamh, agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do ESSanna chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha agus aghaidh a thabhairt orthu, agus chun athléimneacht dhaonlathach a neartú, lena n-áirítear ar leibhéal an phobail.

19. AITHNÍONN SÍ, bunaithe ar an Rialachán Airgeadais, agus cistiú ón Aontas agus buiséad an Aontais á gcur chun feidhme acu, go bhfuil sé de fhreagracht ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfar an Chairt i gcomhréir le hAirteagal 51 de, agus luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus atá ábhartha i gcur chun feidhme an bhuiséid a urramú.

20. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil comhrac an éillithe fíor-riachtanach chun athléimneacht dhaonlathach an Aontais a neartú, agus IARRANN SÍ ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith leis na Ballstáit, dlús a chur lena n-iarrachtaí an t-éilliú a chomhrac.

21. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil na Conclúidí seo ón gComhairle gan dochar don chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá bearta a mhapáil arb é is aidhm dóibh athléimneacht dhaonlathach a neartú agus cistiú iomchuí ón Aontas a fháil chun tacú leis na bearta sin.

22. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, faoi chuimsiú a sainorduithe faoi seach agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát, dlús a chur leis na gníomhaíochtaí a dhéanann siad chun sláine faisnéise a chosaint agus feachtais FIMI, lena n-áirítear bréagaisnéis, a chomhrac, go háirithe nuair a bhíonn siad spriocdhírithe ar shlándáil agus luachanna an Aontais nó ar fheidhmiú daonlathach na n-institiúidí, ar an mbonn a bhaint den smacht reachta, ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, nó ar fhíricí stairiúla a ionramháil agus a fhalsú. Ba cheart a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin freisin úsáid cumarsáide straitéisí, for-rochtain taidhleoireachta le comhpháirtithe agus teagmháil fhóinteach le comhpháirtíochtaí nua chun luachanna an Aontais a chur chun cinn.

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí smaoineamh, ar dhóigh chórasach, ar bhealaí chun na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear na Ballstáit, institiúidí an Aontais, an tsochaí shibhialta, taighdeoirí, an lucht acadúil, eintitis phríobháideacha agus saineolaithe ábhartha eile ó réimsí éagsúla, a thabhairt le chéile chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus treoraíocht straitéiseach a chur ar fáil maidir le beartais a bhaineann leis an athléimneacht dhaonlathach, agus an leas is fearr á bhaint as na hiarrachtaí atá á ndéanamh cheana agus urraim chuí á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát.

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ceannaireacht a ghlacadh, i gcomhar leis na Ballstáit, maidir le cuimhneachán Eorpach a chur chun cinn ar fud na hEorpa, lena n-áirítear trí thuarascáil a eisiúint maidir leis an ábhar a dtabharfaidh an Chomhairle aghaidh air go luath in 2027. Chuige sin, AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta ag an Ardán Eorpach um Chuimhne agus um Choinsias maidir le cuimhneachán uile-Eorpach a chruthú sa Bhruiséil a bheadh tiomnaithe d'íospartaigh réimis ollsmachtacha an 20ú haois; agus MEABHRAÍTEAR DI an luach a bhaineann le cur chuige comhordaithe a ghlacadh lena mbaintear an leas is fearr is féidir as na struchtúir agus na heintitis uile atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ar nós PEMC.

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an dóigh le hathléimneacht, ullmhacht, cosc géarchéime agus acmhainneacht um fhreagairt géarchéime a fheabhsú ar bhealach comhleanúnach chun géarchéimeanna agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a chosc agus freagairt go héifeachtach orthu, mar shampla tubaistí a bhaineann leis an aeráid agus suaitheadh teicniúil ar mhórscála; chuige sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an teachtaireacht chomhpháirteach maidir le Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta ionas go mbeidh an tAontas réidh lena saoránaigh agus na príomhfheidhmeanna sochaíocha atá ríthábhachtach don daonlathas agus don saol laethúil a chosaint.

26. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart acmhainneachtaí um ullmhacht agus um fhreagairt géarchéime a chur san áireamh i gcreataí athléimneachta daonlathaí, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na contúirtí a bhaineann le scaipeadh na bréagaisnéise le linn éigeandálaí sistéamacha agus a ráthú go rannchuideoidh creataí práinnfhreagartha go héifeachtach le scaipeadh faisnéise atá bunaithe ar fhíricí, agus an ceart chun tuairimí a nochtadh agus rochtain a fháil ar fhaisnéis á chaomhnú ag an am céanna.

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na saincheisteanna sin a chur san áireamh sa tionscnamh a bheidh á sheoladh aige amach anseo maidir leis an Sciath Eorpach um an Daonlathas.

28. TÁ SÍ TIOMANTA filleadh go rialta ar shaincheist athléimneacht dhaonlathach an Aontais a neartú.